

AG ÉALÚ ÓN mBOCHTAINEACHT

Dóchas don todhchaí: samplaí den athrú



Oideachas

Poist

Ceantair tuaithe

Sláinte

Tithíocht

Airgeadais

2010

Bliain an
Aontais Eorpaigh

um Chomhrac
na Bochtaine

agus an

Eisiaimh Shóisialta



An Coimisiún Eorpach

**Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí
a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach**

**Uimhir shaorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha
00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

FÓGRA DLÍ

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (<http://europa.eu>).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010

ISBN 978-92-79-13720-4

doi:10.2767/69941

Cóipchirt ar ghrianghraif éagsúla: © An tAontas Eorpach, Reporters
Mostra a chuir an iris seo i dtoll a chéile agus a ndearna comhordú uirthi.
Ailt scríofa ag Brigid Grauman

© An tAontas Eorpach, 2010

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Tá cosc ar atáirgeadh grianghraif.

Printed in Belgium

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHÁIPÉAR BÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN DÚILÍ (ECF)



BROLLACH



Tá duine amháin as seachtar san Eoraip ag fulaingt de bharr na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Tá sé seo an iomarca, ag cur san áireamh go bhfuilimid ina gcónaí i gceann de na réigiúin is saibhre ar domhan.

Mar Choimisinéir AE d’Fhostaíocht, Cúrsaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta, mothaím go láidir nach féidir linn neamhaird a dhéanamh dóibh siúd atá ag maireachtáil ar imeall an tsochaí, go háirithe leis an aosú agus an laghdú atá ag teacht ar an daonra oibre.

Ní mór dúinn am, iarracht agus acmhainní a infheistiú chun cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht, ní amháin ar mhaithe le folláine na daoine atá i gceist ach ar mhaithe leis an bpobal i gcoitianta freisin. Is é seo an fáth a bhfuil tíortha an AE tiomanta do chabhrú le 20 milliún duine éalú ón mbochtaineacht agus ón eisiaimh shóisialta faoi 2020.

Tríd an mBliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta a réachtáil i 2010, is éard a bhí mar aidhm againn feachtas a mhúscailt maidir leis na deacrachtaí a gcasann go leor saoránach orthu. Mar chuid den fheachtas, tháinig institiúidí AE, rialtais, údaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta le chéile, chomh maith leo siúd a bhfuil eolas pearsanta acu ar an mbochtaineacht.

Is deis í an Bhliain Eorpach dúinn go léir chun naisce agus comhpháirtíochtaí úra a fhorbairt chun gur féidir teacht ar smaointe agus ar chur chuige nua maidir le déileáil leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh shóisialta.

Mar ábhar práinneach, ní mór dúinn dul i ngleic leis na tosca seo, tosca nach gcabhraíonn leis an lámh in uachtar a fháil ar an mbochtaineacht agus an eisiaimh shóisialta. Ciallaíonn sé seo cabhrú le daoine a gcuid scileanna a fhorbairt chun gur féidir leo post a fháil, nó post níos fearr a fháil. Ní mór deis níos mó a thabhairt do gach duine fáil níos fearr a bheith acu ar an margadh saothair, lena n-áirítear daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh. Ní mór dúinn ár seirbhísí shóisialta agus ár gcórais tacaíochta sláinte agus leasa a bheith níos éifeachtaí chun go dtabharfaidh siad tacaíocht do na daoine is boichte. Mar sin féin, ceann de na huirlisí is tábhachtaí atá le déanamh ná tacú le hoideachas chun luchtfhágalaí scoile a sheachaint ós rud é gurb iad oideachas níos airde agus níos fearr na príomhtosca chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht.

Caithimid obair le chéile chun ár spriocanna a bhaint amach – is trí chomhoibriú an mbealach is fearr le teacht ar réitigh agus iad a chur i bhfeidhm. Tá réitigh áitiúla a dtagann pobail áitiúla suas leo chomh tábhachtach le polasaithe náisiúnta a théann i ngleic leis an mbochtaineacht. Cinnte, tá ról le himirt ag na réimsí poiblí agus príobháideacha araon.

Sa bhróisiúr seo, léirítear an méid is féidir a bhaint amach nuair a thagann raon institiúidí agus daoine aonair le chéile chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiaimh shóisialta. Tá meascán iontach de thionscadail nuálacha, idir eagraíocht neamhrialtasach Slóivéanach ag freastal ar na sainriachtanais sláinte a bhíonn ag daoine leochaileacha agus gréasán airgeadais a chuireann creidmheas ar fáil do dhaoine bochta sa tsochaí i roinnt tíortha Eorpacha.

Mór nó beag, tá teachtaireacht shoiléir ag teacht ó na tionscadail atá luaite – déantar difríocht do shaolta chun maitheasa agus is féidir difríocht a dhéanamh chun maitheasa chomh maith trína a bheith páirteach agus trí obair le chéile. Tá súil agam go dtabharfaidh an bróisiúr seo spreagadh do dhaoine eile chun gníomh a dhéanamh chun cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht.

László Andor, Coimisinéir AE d’Fhostaíocht,
Cúrsaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta

RÉAMHRÁ

Is í an Eoraip ceann de na réigiúin is saibhre ar domhan agus tá geilleagar éagsúil agus sofaisticiúil aici a chuireann ardchaighdeán maireachtála ar fáil. Leis an saibhreas atá cruthaithe san Eoraip, tugtar deis d'fórmhór a cuid saoránaigh leas a bhaint as cúram sláinte, oideachas agus cúnaimh sóisialta ar chaighdeán maith.

Mar sin féin, ní éiríonn le líon ard daoine teacht ar thorthaí an rachmais seo. Meastar go bhfuil 84 milliún duine ina chónaí san Eoraip atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

Caithfidh daoine san Eoraip atá bocht maireachtáil ar ioncam atá 60% níos lú ná meánioncam teaghlach náisiúnta. Agus caithfidh thart ar 23.5 milliún duine san AE maireachtáil ar níos lú ná EUR 10 in aghaidh an lae.

Is beag an chabhair é an cúlú eacnamaíochta atá ann faoi láthair. Tá go leor daoine a bhfuil a bpoist cailte acu i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. I roinnt Ballstát AE tuairiscítear go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá ag codladh amuigh ar na sráideanna – ceann de na siombailí is cumhachtaí a bhaineann leis an mbochtaineacht.

Cad is féidir a dhéanamh dóibh siúd atá i mbaol, agus cad atá á dhéanamh ag an Eoraip chun cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht?

Trí chomhordú beartais, d'fhorbair an AE straitéis a théann i ngleic leis an mbochtaineacht i mbealach éifeachtach. Cuirtear creat agus ról comhordúcháin ar fáil freisin chun cabhrú le Ballstáit forbairt a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí féin a dhéanamh iarracht dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiaimh shóisialta. Mar gheall ar an ngéarchéim, leagadh béim ar an luach breise a bhaineann le comhordú beartais agus cuireadh dreasacht bhreise ar fáil chun a chumas a neartú agus chun é a shaothrú go hiomlán.

Sa chuid is mó de thíortha na hEorpa, ní leor cúnaimh shóisialta chun cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht. Dá bhrí sin, tá spreagadh á thabhairt do Bhallstáit chun

beartais ghníomhacha ar mhaithe le beartais ghníomhacha cuimsithe agus beartais ghníomhacha don mhargadh saothair a fhorbairt, mar aon le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí ar ardchaighdeán atá i gcomhréir leis an íosta-caíocht chuí.

Sna comhchuspóirí anois tá béim shoiléir ar ghníomh a dhéanamh chun deireadh a chur le bochtaineacht páistí, daoine a chur ar ais chun na hoibre, dul i ngleic le leitcheal agus dul i ngleic le heisiaimh maidir le tithíocht.

Ina theannta sin, cuireann an AE réimse polasaithe agus clár ar fáil chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, a leithéid de Chiste Sóisialta na hEorpa agus PROGRESS. Leis an straitéis nua Eoraip 2020 don gheilleagar leagtar béim ar fhás uileghabhálach a chuirfidh méid mhór fostaíochta agus comhtháthú sóisialta ar fáil.

Chun dlús a chur leis na gníomhaíochtaí seo, ainmníodh 2010 mar an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta. Tá tioncnaimh á reáchtáil ar fud na hEorpa a chuireann i gcuimhne do dhaoine na deacrachtaí a chostar ar dhaoine atá bocht agus a leagann béim ar na céimeanna atá ar bun chun an t-anás atá á fhulaingt acu a mhaolú.

Is éard atá mar sprioc leis an bhfeachtas ná feasacht a mhúscailt maidir le ceisteanna deacra idirghaolmhara a chuireann isteach ar go leor daoine. Mar chuid den fheachtas tugtar rialtais, údaráis áitiúla, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus daoine a bhí bocht le chéile chun comhoibriú ar smaointe agus tionscnaimh nua.

Tá an feachtas ag díriú ar na deacrachtaí a gcasann grúpaí atá go mór i mbaol na bochtaineachta orthu, cosúil le daoine aosta, teaghlaigh mhóra agus aontuismitheora, mionlaigh eitneacha, inimircigh, daoine gan dídean agus páistí. Déanfar scrúdú freisin ar an gcaoi a dtéann an bhochtaineacht ó ghlúin go glúin.

Sa Bhliain Eorpach leagtar béim ar obair le chéile mar gheall gur féidir leis an tsochaí ina hiomlán cabhrú leo siúd nach bhfuil go maith as. Leagtar go leor béime ar



© MF. Plissart



© An tAontas Eorpach, Reporters

an luach a bhaineann le hoideachas agus oiliúint mar uirlisí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an easpa fostaíochta. Leagtar béim freisin ar an ról a bhaineann le ceapadh beartais agus ar an luach breise a bhaineann le comhordú polasaí. Mar phríomhthosaíocht freisin, déanfar iarracht bealaí a aimsiú lena chinntiú gur féidir le daoine atá bocht agus atá eisiata go sóisialta rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán i réimse na sláinte, na tithíochta agus na leasa.

Ina theannta sin, tabharfar aghaidh ar cheisteanna eile sa Bhliain Eorpach, ceisteanna cosúil le bochtaineacht san ionad oibre, rochtain ar áiseanna cultúrtha agus fóillíochta, agus an ghné inscne den bhochtaineacht.

Sa bróisiúr seo tugtar spreagadh dóibh siúd atá tiomanta cabhrú le daoine atá bocht agus atá eisiata go sóisialta. Déantar cur síos ar roinnt tionscadal agus tionscnamh atá ag cur feabhas cheana féin ar shaolta daoine ar fud na hEorpa.

Leis an réimse ábhar atá clúdaithe – ar nós **OIDEACHAS**, **FOSTAÍOCHT**, **AONRÚ TUAITHE**, **SLÁINTE**, **TITHÍOCHT** agus **CUIMSIÚ AIRGEADAIS** – léirítear an cineál dúshlán atá ann maidir le cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht.

■ Le hoideachas is féidir le daoine éalú ón mbochtaineacht mar tugtar na scileanna agus an mhuintín atá ag teastáil uathu chun obair ar chaighdeán maith a fháil. I mbaile Sliven sa Bhulgáir tá eagraíocht neamhrialtasach ón bhFrainc ag soláthar leabhar agus ábhar do mhúinteoirí chun oideachas éifeachtach a chur ar fáil do pháistí Romacha.

■ I Hamburg sa Ghearmáin, tá foireann de chuid *Movego* ag cabhrú le daoine atá dífhostaithe teacht ar obair. Tá daoine óga ag fáil deis chun ceird a fhoghlaim ó cheardaithe a bhfuil go leor taitní acu trí obair ar thionscadail athdheisiúcháin agus ar scéimeanna tógála eile.

■ I dtíortha áirithe san Eoraip tá baol na bochtaineachta dhá uair níos airde do dhaoine faoin tuath ná do dhaoine

i mbaile agus cathracha. Léirigh *The Heifer Foundation* an méid is féidir a bhaint amach nuair a thugtar beostoc do phobail tuaithe ionas gur féidir le daoine a ngnóthaí féin a thosú.

■ De ghnáth, bíonn drochshláinte ar dhaoine atá bocht agus bíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar an tacaíocht leighis agus shíceolaíoch a bhíonn ag teastáil uathu. I Liúibleána, satSlóivéin, tá dhá ionad buail isteach á reáchtáil ag *Stigma*, eagraíocht neamhrialtasach a fhai-gheann maoiniú stáit, agus téann tuairim is 80 duine isteach sna hionaid gach lá. Tugtar deis d'andúiligh rochtain a fháil ar chóir leighis agus ar chúnamh a bhfuil géarghath leo.

■ Tá go leor daoine ag fulaingt i gcoinníollacha dona tithíochta toisc nach féidir leo íoc as cóiríocht cheart. Cuireann sé seo isteach ar a gcuid sláinte agus a gcuid folláine. Faoi chláir athshlánúcháin réigiúnach La Chanca i ndeisceart na Spáinne léirítear an méid is féidir a dhéanamh chun cúrsaí a athrú. Tháinig an rialtas áitiúil agus an bardas le chéile le gréasán na gcónaitheoirí chun an cheathrú is sine in Almeria a athchóiriú.

■ Is iad na daoine is boichte sa t-sochaí a fhulaingíonn ó eisiáim airgeadais toisc go mbíonn sé deacair orthu teacht ar chreidmheas ar théarmaí réasúnta, nó aon chreidmheas ar bith fiú amháin. Tá an Gréasán Mícrea-Airgeadais Eorpach (The European Microfinance Network) ag cur iasachtaí ar fáil do dhaoine nach bhfuil go maith as chun gur féidir leo a ngnóthaí féin a bhunú nó chun gur féidir leo íoc as nithe riachtanacha cosúil le hoiliúint agus iompar. Faoin scéim seo, tugadh deis do Sika Mawuke-Dzoussu sciamhlann a oscailt i bpríomhchathair na Beilge agus do Alexandre Aberlen siopa deisithe ríomhairí a oscailt in Sausset-les-Pins sa Fhrainc.

Is cuma an tionscadal, bíonn an teachtaireacht chéanna i gceist: trí obair le chéile, is féidir na hionchais atá ag daoine atá bocht a athrú chun maitheasa. Le chéile, is féidir linn sochaí do gach duine a chruthú, Eoraip inar féidir le gach duine maireachtáil le dínit.



© Reporters



© An tAontas Eorpach, Reporters

AIMSÍONN LEANAÍ ROMAIGH A BHFRÉAMHACHA, SLIVEN

Suite ar mhá ag bun sliabh Karandila, tugtar “cathair ghaofar” na Bulgáire ar Sliven. Glaoitear Bora ar ghaoth shéideánach an gheimhridh, ach ar an meán, tá an aimsir anseo bog agus tá úllord péitseoga agus fíonghoirt ag dul i dtreis ar na cnoic.

Tá cáil ar Silven mar phríomhchathair Romaigh na Bulgáire; is Romaigh iad tuairim is 25 000 duine nó ceathrú den daonra ann. Uair amháin bhí sé ina láthair mhór teicstíle, ach d’fhulaing Silven go mór le titim an Chumannachais nuair a dúnadh monarchana a bhí á reachtáil ag an stát. Ina n-áit thosaigh ceardaithe ag obair óna ngaráistí. Bhí iomaíochas ag teacht ón tSín, bhí daoine thíos leis agus bhí na Romaigh ag bun an charnáin. I 1989, bhí post ag 83 % de na Romaigh, ach anois tá níos lú ná 20 % ag obair.



© Reporters



Reáchtáiltear ranganna speisialta faoi fhréamhacha agus cultúr an Romaigh trasna an iarnróid ó shluaí Sliven ceathrú na Romaigh.

Is é seo a leanas an scéal faoin gcaoi a raibh páirt ag ENR Francach darb ainm *Secours Populaire* le leanaí as Nadezhda, ceathrú Romaigh, tar éis do mhúinteoirí áitiúla dul i dteagmháil leis. Bhí leabhair agus uirlisí múinteoireachta ag teastáil óna múinteoirí seo, ach ba mhian leo freisin eolas a thabhairt do na daltaí Romaigh faoina gcultúr, rud a chuirfeadh lena bhféinmhuinín agus leis an muinín a bheadh ag a dtuismitheoirí san oideachas.

Taobh mícheart de na rianta

Is éard is brí le Nadezhda as Bhulgáiris ná dóchas. Tá sé suite ar an taobh ó dheas de phríomhstáisiún traenach na cathrach, agus i ndáiríre, tá sé ar an taobh mícheart den iarnród, áit a bhfuil na leanaí ag dul trí dramhaíl chun ábhar a fháil le díol leis na ceannaithe dráimh.

“Sa Bhulgáir, chomh maith leis an gcuid eile de na Balcáin, tá cónaí ar na Romaigh i limistéir atá scartha amach,” a deir an t-iriseoir Alexandre Dubuisson, a chaith roinnt ama anuraidh ag tuairisciú in Sliven le haghaidh *Secours Populaire*. “Tá an scoil laistigh den phobal Romaigh níos casta fiú, córas na sainaicmí fíorúla. Leis an bhfrinne a rá, tá sé chomh deacair céanna do Romach Bulgárach nach Romach é nó í Romach a phósadh is atá sé do duine a phósadh ó ghrúpa Romaigh eile.”

Tugtar ceathrú na gceoltóirí ar an bpáirt saibhir de Nadezhda, agus tá cónaí ar na daoine anseo – cibé ceoltóirí iad – i dtithe brící dearga dhá urlár. Cuirtear urlár nua leis na tithe nuair a théann an chlann i méid. Níos faide isteach sa cheathrú, bíonn na sráideanna níos salaí, áit a bhfuil botháin le díonta déanta as alúmanam.



Níl mórán ar shráideanna Sliven ach coinchréit, tithe leath-thóghtha agus botháin a bhfuil díonta alúmanaim orthu.

San áireamh i ndaonra 7.7 milliún na Bulgáire tá **700 000 Romach**. Is é **72 bhliain** d’aois ar an meán fad saoil don ghnáth Bhulgárach. Is é **52 bhliain** d’aois fad saoil do Romach as Sliven.

Is anseo a bhfuil cónaí ar *Golitzigani* – na gíofóga “nochta” ag bun an chéimlathais Romaigh.

Tá boladh braon as an dramhaíl, agus bíonn na hasail, caoirigh agus sicíní atá ag roinnt tithe bunúsacha leis na daoine seo i gcomórtas le leanaí gan bhróga atá ag spraoi i measc cairn dramhaíola. Níl a fhios ag na leanaí go bhfuil siad páirt den chultúr andúchasach agus éagsúil. Sa Bhulgáir, breathnaíonn formhór na ndaoine síos go mór orthu, agus is minic a fhéachann siad orthu féin mar sin freisin.

Is oibríthe deonacha go léir beagnach iad na daoine a oibríonn le *Secours Populaire*, eagraíocht a d’fhás as International Red

Relief, a bunaíodh i 1926 chun tacú le daoine faoi mhíbhuntáiste. Tá cónaidhmeanna aige i ngach bardas den bhFrainc, agus oibríonn an eagraíocht sa Fhrainc agus thar lear. Anuraidh, chuidigh sé tionscadal cúnaimh a reáchtáil i 170 tír, ag cuidiú le daoine áitiúla struchtúir a chur ar bun chun réimse fadhbanna a láimhseáil agus chun iad a chur i dteagmháil le hinfheisteoirí féideartha.

Múinteoirí ag cur brú le haghaidh athruithe

In 2001, chuaigh príomhoide cúnta Scoil Uimh. 6, atá suite taobh amuigh de Nadezhda, i dteagmháil leis an eagraíocht Fhrancach. Níl a scoil féin ag

an “ngeiteo” Romaigh, agus téann na leanaí go léir go dtí Uimh. 6, siúlóid 10 nóiméad ón iarnród. Tá naonúr dalta as deichniúr ina Romach, roinnt acu de sólrú Turcach, roinnt eile de sólrú Bulgárach. Ar dtús, cheannaigh *Secours Populaire* leabhair, ríomhairí, málaí scoile, bróga spóirt agus trealamh agus in 2007 chuidigh sé leo an cumann *Ensemble* a bhunú. Dheonaigh Air France Foundation EUR 30000 ar *Ensemble* do thionscadal darb ainm *Etniko*.

“Oideachas éigeantach atá sa Bhulgáir go dtí go sroicheann na daltaí 16 bliain d’aois” a deir Ekaterina Pavolva, ceann de na múinteoirí atá páirteach sa tionscadal mhúscailt-feasachta cultúrtha a bhí á reáchtáil ar feadh dhá bhliain. Cuireadh deireadh leis nuair a tháinig deireadh leis an urraíocht. “In ainneoin é seo, fágann go leor leanaí Romaigh scoil, go háirithe cailíní agus iad 12 bhliain d’aois, mar pósann siad nó ní bhíonn an t-airgead ag a dtuismitheoirí chun iad a choinneáil ar scoil.”

“Níl aon eolas ag na leanaí seo faoin gcúlra atá acu” a deir Dubuisson. Is éard a bhí i “*Etniko* ná a bhfréamhacha agus a gcultúr a mhúineadh dóibh. Go minic, ní théann smaointe faoin am atá thart i measc na Romach níos faide siar ná a gcuid seanmhuin-tir. Níl a fhios acu go bhfuil a bhfréamhacha san India. Tá an t-am atá thart i bhfad siar ina gcuid síle féin ná mar atá Charlemagne do dhaltaí scoile na Fraince.”

Tá Pavlova bródúil as an méid atá bainte amach ag an tionscadal. Gan é ach dhá bhliain ar an bhfód, bhí trí ghrúpa de dáréag leanbh páirteach ann, agus cé narbh ansin ach cuid bheag den scoil iomlán, ceapann sí go ndearna an tionscadal go leor chun meoin agus croíthe a athrú. Chomh maith le ranganna breise faoi ghrúpaí eitneacha, traidisiúin agus cultúir Romaigh, lena n-áirítear damhsaí, amhráin, scéalta agus finscéalta, chuaigh na leanaí ar thurais go dtí músaeim agus go dtí bialanna.

“Rinneamar rudáí beaga ach rudáí tábhachtacha ab ea iad. Mar shampla, thógamar na leanaí go dtí bialann Bhulgárach in aice lenár scoil. Mhúineamar dóibh an chaoi chun iad féin a iompar, an chaoi le hordú go béasach, an chaoi le híoc. Ar dtús níor chuir foireann na mbialanna mórán fáilte roimh na leanaí agus ní raibh na leanaí iad féin ar a suaimhneas. Ceapann formhór na mBulgárach go bhfuil na Romaigh salach agus gur ghadaithe iad. Ach tar éis tamaill, bhí an t-atmaisféar níos teolaí. Bhí amhráin ar eolas ag na leanaí agus bhí siad deá-bhéasach.”

Tá a fhios ag Pavlova nach gceaptar gur rud mór é seo. Ach tá sí ag súil leis an am nuair a fhásann na leanaí seo suas, gur fhoghlaim na leanaí seo rud dearfach a bheidh siad in ann a mhúineadh dá leanaí féin faoin scoil agus faoin domhan mór. Cé go bhfuil sí dóchasach, ba mhaith léi dá leanfadh *Etniko* ar aghaidh ach tá a fhios aici nach bhfuil an saol éasca d’aon duine anois.

■ LE HAGHAIDH TUILLLEADH EOLAIS
www.secourspopulaire.fr
www.sliven.net

Tá cónaí ar chuid mhaith de dhaoine 10-12 milliún Romach an Aontais Eorpaigh i gcoinníollacha socheacnamaíocha neamhchuí. Bíonn rochtain teoranta ar oideachas d’ardchaighdeán ag formhór an daonra seo, ní bhíonn sláinte mhaith acu agus bíonn a rátaí báis arda acu. Go minic, bíonn siad fágtha amach as an margadh saothair. Is tosaíocht é chuimsiú na Romach i gceapadh beartais an AE. Tá na fadhbanna casta agus idirspiléach, agus caithfidh na geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear na Romaigh iad féin, dul i ngleic leo go cuimsitheach.



© Rossel – Pierre-Yves Thienpont

AG FOGHLAIM CONAS LE FOGHLAIM IN HAMBURG

Mar gheall ar ghéarchéim eacnamaíoch na hEorpa a bheith ina ábhar inní maidir le dífhostaíocht, go háirithe i measc daoine óga, is fiú féachaint ar thástáil atá ar bun ag múinteoirí agus oideoirí in Hamburg. Go simplí, tá na smaointeoirí forchéimnithe seo ag déanamh iarracht an fhoghlaim a dhéanamh níos tarraingtí in ainneoin na gciorrúithe buiséadacha a cuireadh i bhfeidhm orthu.

Ina thír dhúchas den Chasacstáin, ba shiúinéir é Karl Fink, fear múscaí tobáin 57 mbliana d’aois a bhíonn ag caitheamh rabhlaeir. Tá sé tar éis binse déanta as feá a chur isteach i gcarráiste iarnróid glas gealánach ón bhfichiú haois. Is é seo ceann den speisialtacht den scoil táirgthe *Movego*, scoil neamhbhrabúis in Hamburg, a chuireann dífhostaithe ar ais ag obair trí sheantraenacha a athchóiriú, trí gharáistí rothair a thógáil agus fiú amháin cathaoireacha láidre don ghairdín a dhéanamh. Tá scileanna d’ardchaighdeán ag Fink, agus dá bhrí sin, thug an scoil post buan dó, agus is ó Fink a fhoghlaimíonn na fir óga atá ina ndéaga agus ina bhfichidí faoin gceird adhmaid.



*Is siúinéir é **Karl Fink** sa Chasacstáin a thír dhúchais atá ag múineadh i scoil Movego anois.*

***Inlís** – Daltaí Rúiseacha: ceann amháin de na náisiúntacht ag scoil Hamburg.*

Ag déanamh na foghlama níos tarraingtí

Tá 150 fear cosúil le Fink – inimircigh is ea go leor acu – a oibríonn sa trádstóras in aice le habhainn an Elbe. Bunaíodh an eagraíocht chun obair a thabhairt d’oibreoirí miotail a bhí dífhostaithe nuair a chuaigh príomhthionscal na cathrach i léig. I 1997, chuir sé a neart le cumann a bhí ag obair le daoine óga. Is é an aidhm atá ann anois ná oiliúint a thabhairt do dhaoine de gach aois fostaíocht a fháil arís. Agus mar chuid de sin, déanfar staidéar agus foghlaim níos tarraingtí agus ábhartha.

Tá an bhéim anois i stát Hamburg curtha ar ghairmscoileanna praiticiúla dóibh siúd a bhí fágtha ar leataobh. Sa Ghearmáin, mura bhfuil teastas fágála scoile agat, tá tú i dtrioblóid, agus go minic is na daoine atá i bhfhorthrioblóid ná daoine óga le cúlra bocht inimircigh.

I mí Mheán Fómhair atá le teacht, sheol *Movego* gairmscoil oiliúna (chomh maith lena scoil táirgthe) chun cabhrú le daoine teastais fágála scoile a fháil. Tá stát Hamburg ag tabhairt tacaíochta le tuairim is 10 ngairmscoil a thógáil.

Oibríonn Jürgen Dege-Rüger, oideoir gliadrach i léine gheal ghlais, do IBA (*Internationale Bau-Ausstellung* – Taispeántas Foirgnimh Idirnáisiúnta) a dtugann an rialtas tacaíocht dó. Oibríocht pleanála uirbí atá inti atá ar fud an náisiúin. Beidh sí lonnaithe in Hamburg don trí bliana atá amach romhainn. Tá a ceanncheathrú in Wilhelmsburg, ceantar bocht a bhfuil go leor inimirceach ann, oileán mór ar dheisceart na cathrach ina bhfuil geadáin tógtha ar gach taobh den mhótarbhealach a théann tríd. Is é cúram Dege-Rüger ná plean d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur i bhfeidhm, le béim speisialta ar mhéadú a chur ar líon na ndaoine a fhágann an scoil le diplómaí den leibhéal is ísle a fháil ar a laghad.

Luann an t-iarmhúinteoir scoile droch-scór na Gearmáine sa chlár Pisa OECD a mheasann dul chun cinn na ndaoine atá 15 bliana d’aois. “Do thír shaibhir, tá líon neamhchumseach de dhaoine óga a bhfuil easpa oideachais acu, a bhfuil cúlra bocht acu, agus a bhfuil cúlra inimircigh acu ach nach bhfuil aon rochtain acu ar phoist.” Conas a athraíonn tú é sin? Deir Dege-Rüger gurb í cheist an lae inniu ann maidir le hoideachas ná “múineadh conas le foghlaim,” seachas an bailiú de stór coitianta eolais a chur chun cinn.

In Wilhelmsburg, is é ceann de na dúshláin ná nasc a chruthú idir institiúidí atá ann cheana. “Tá scoileanna, náiscoilleana, ionaid óige agus ionaid chomhairle ar an oileán againn,” a deir sé “ach ní oibríonn siad le céile agus níl siad tarraingteach go leor do thuismitheoirí agus do leanaí.” Tá Dege-Rüger den tuairim gur cheart scoileanna i gceantair bhochta níos mó cistithe stáit a fháil ná scoileanna eile.



Deir an múinteoir **Jürgen Dege-Rüger** go bhfuil líon dtréireach de dhaltá inimircigh nach bhfuil ach beagán oideachais acu.

Ar ais sa chóras

Tá Holger Dohnt, atá i gceannas *Movego*, den tuairim freisin go gcuirtear amú cuid mhór fuinneamh agus acmhainní mar gheall ar easpa comhordaithe. Creideann sé nach ndéantar a ndóthain chun ranna aireachta éagsúla a chomhordú a dhéileáilann le daoine óga agus le dífhostaíocht. Fágann an iomarca daoine óga an córas ina iomlán. “Bhí an iomarca béime á leagan ar an scoil ar na leanaí seo. Tá siad ag iarraidh go ndéileáiltear leo mar dhaoine fásta agus go dtugtar gairmthreoir dáríre dóibh.” Tá sé den tuairim go gcuireann a scoil é sin ar fáil dóibh. “Ní chuirimid béim ar oibreoirí sóisialta. Triailimid poist a fháil dóibh nuair a fhágann siad an áit seo.”



Nuair a dhéantar rud a chóipeáil deirtear gurb é sin an moladh is fearr a d'fhéadfá a thabhairt: is féidir cathaoireacha gairdín Movego i stíl Adirondak a fheiceáil sna gairdíní is deise in Hamburg.

Is é *Altona* an ghairmscoil is sine sa chathair. Scoil í atá 10 mbliana d'aois, arna reáchtáil ag an fear séimh Thomas Johanssen. Leis an stát ag spreagadh cruthú de scoileanna nua dá leithéid, is eiseamláir é, spreagtha ón gcóras an-éifeachtach ón Danmhairg. Tógtar 48 dalta in aghaidh na bliana isteach in *Altona*, tá cúlra inimirigh ag 40%. Ina seomra ranga beag suaimhneach, déanann daltaí idir 16 agus 18 bliana d'aois staidéar agus obair phraiticiúil chun a teastas fágála scoile bunúsach a fháil – riachtanach chun dul isteach sa mhargadh poist.

“Tá sé riachtanach chun foghlaim a dhéanamh tarraingteach agus chun féinmheas a spreagadh” a deir Johanssen. Chun na críche seo, déanann sé cinnte go mbíonn dhá bhéile the in aghaidh an lae i gceaintín cairdiúil – bricfeasta deireanach toisc nach mbíonn

ceann ar bith ag go leor daltaí, chomh maith le lón.

“Tá gá le spreagthacht a chruthú chun rathúnas a bhaint amach”, a deir sé. Déanann na daltaí staidéar ar theangacha, ar cheimic agus ar ilmheáin, agus déanann siad troscán déanta de réir toisí do chliaint phríobháideacha.

“Go traidisiúnta, bhí scoileanna teicniúla agus staidéar scartha. Anseo meascaimid obair phraiticiúil le hobair theicniúil.”

Is fianaise go n-éiríonn lena chur chuige é a thairfead; faigheann leath na ndaltaí poist agus téann 20% ar ais go dtí an scoil. Dúshlán mor atá ann dul i ngleic leis an dífhostaíocht.

■ LE HAGHAIDH TUILLÉADH EOLAIS

www.movego.eu

www.psa-hamburg.de

I mí na Nollag 2009, bhí níos mó ná **5.5 milliún fear agus bean óg** faoi 25 bliana d'aois dífhostaithe, arbh ionainn **21.4%** den daonra, agus tá méadú ag teacht ar an bhfigiúr sin. Sa Spáinn, tá dífhostaíocht na n-óg ag 40%.

Is soiléir go bhfuil gá le comhiarracht ó rialtais na hEorpa déileáil leis na fadhbanna nach bhfuil réitithe acu go dtí seo. I measc na bpríomhréimsí tá tacaíocht le tabhairt chun obair a aimsiú do **ghrúpaí beagdheise** cosúil le hinimirigh, daoine óga gan oiliúint ná oideachas, mar aon le ceistanna faoi ghluaiseacht daoine óga.

BEOSTOC A DHÉANANN DIFRÍOCHT

Tógann Albertas beacha amuigh faoin tuath sa Liotuáin. Díolann sé mil, ambróise, arán beacha agus alcól déanta as mil atá cosúil le meá. Maisíonn a bhean Diana coinnle déanta as céir.

Tá triúr leanbh ag Diana agus Albertas Usinskai – tá na cailíní deich mbliana agus cúig bliana d’aois agus tá an buachaill sé bliana d’aois. Is í Austeja an cailín is sine agus fuair sí a ainm ón mbandia beiche. Cailín tanaí le súile geala, tá sí gléasta i ngúna bán-dearg agus crios i ndath geal. Tá bláthanna bána fialsíoda i ngruaig a dheirféar. Tá cónaí ar thuismitheoirí scothaosta Alberta sa gnáth-theach adhmaid céanna a bhfuil díon déanta as iarann air. Tá an teach suite in Milošaičiai, tuairim is 50 km ó Kaunas, iar-phríomhchathair na Liotuáine.





Is mó an t-athrú atá na coirceoga a thug an Heifer Baltic Foundation ag déanamh do shaol fheirmeoir Albertas Usinskai.

Inilís – Is féidir lena chuid páistí a bheith cinnte go mbeidh todhchaí shona acu.

Amanna deacra

Ní raibh cúrsaí chomh comordach do teaghlach Usinskai cúpla bliain ó shin. Ní raibh aon leictreachas acu agus ní raibh mórán teagmhála acu lena gcomharsana. Tá an fheirm is giorra 2 km uathu. Tá Diana mall mar gheall ar chéim bhacach. Thug sí aire do na leanaí agus do na daoine scothaosta, agus rinne Albertas jabanna éagsúla. Ní raibh mórán deiseanna ar fáil dóibh.

Agus is ansin tháinig an Foras *Heifer*. Is carthanacht idirnáisiúnta é ó Arkansas a bhunaigh Dan West, feirmeoir Meiriceánach. Bhí West sa Spáinn le linn an chogaidh chathartha sna tríochaidí agus bhí sé ag tabhairt cupáin bhainne do leanaí a raibh ocras orthu. Tháinig sé chuige gurb é bó an rud ba mhó a bhí ag teastáil ó na leanaí seo, agus ní deoch bhainne. Agus is ansin a thosaigh gach rud.

Ag seachadadh beostoic

Is é cuspóir *Heifer International* deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, agus anois cuireann an eagraíocht beostoc agus oiliúint ar fáil i 128 tír. Tugann gach teaghlach a fhaigheann an cúnamh gealltanais go dtabharfaidh siad an chéad sliocht den ainmhí a deonaíodh do theaghlach eile atá sa chruachás



© ME.Plissart

Deir Arūnas Svitojus de Heifer Baltic: “Déanaimid iarracht bealaí a chur ar fáil do dhaoine chun airgead a dhéanamh ionas nach mbeidh orthu an tír a fhágáil.”

céanna. Sheol *Heifer* a bhrairse Baltach 10 mbliana ó shin agus tá an cheanncheathrú in Vilnius agus oifigí níos lú in aice láimhe sa Laitvia agus san Eastóin.

Ar bhallaí na hoifige in Vilnius, tá grianghraf de Arūnas Svitojus stiúirthóir Fhoras Baltach *Heifer*, ag croitheadh lámha le Bill Clinton Iar-Uachtarán na Stát Aontaithe. Tagann an maoiniú go léir beagnach ó dheonacháin phríobháideacha, formhór ó Mheiriceánaigh arbh as na tíortha Baltacha dóibh.

“Bhuail an ghéarchéim eacnamaíoch muid go dian.” a deir Svitojus. “Le linn dhá bhliain anuas, chuaigh 15-20% den daonra ar eisimirce. Téann muintir

na tuaithe nach bhfuil oideachas acu go dtí tíortha eile ag obair don gheilleagar dubh, ag fágáil a leanaí ina ndiaidh le seantuismitheoirí nó le comharsana. Déanaimid iarracht bealaí a aimsiú dóibh chun roinnt airgid a dhéanamh ionas nach gcaithfidh siad fágáil.”

Anuraidh, reáchtáil *Heifer* 30 tionscadal sa Liotuáin agus 50 tionscadal ina iomlán sna Stáit Bhalta. San áireamh i dtaobh beostoic tá gach rud ó bha Holstein go capaill Samogitian, muca, coíníní, sicíní, cuiteoga agus beacha. Dar le Svitojus, go hiondúil bíonn an Foras Baltach ag plé le pór beiche atá níos méithe agus a thagann ón Liotuáin ó dhúchas.

Is **ceantar tuaithe** é **80%** de limistéir an Aontais Eorpaigh agus tá cónaí ar **25% den daonra** sa cheantar sin.

Ag déanamh airgid le mil

Tá bagairt mhór ar an mbeach mar speiceas ag méadú mar gheall ar mhodhanna talmhaíochta nua-aimseartha, ach tá siad sách sláintiúil san áit seo, suite i bpáirc náisiúnta den tír atá saor ó lotnaidicídí. Do na feirmeoirí anseo nach raibh ag déanamh ach beag airgid, ba é an bheachadóireacht éiceolaíoch an rogha is fearr dóibh, cé nach raibh an t-airgead ag go leor acu chun an trealamh riachtanach a cheannach.

Sa lá atá inniu tuilleann Albertas agus Diana ann ioncam beag as na beacha. Le bó, capall, dhá mhuc agus 20 sicín, tá siad beagnach ábalta maireachtáil astu féin, ag déanamh a n-im, cáis agus arán féin. Leis an 1000 lítear de mhil a tháirgeann na beacha, faigheann siad EUR 300 in aghaidh na míosa. Cheannaigh siad cupaird dá bpríomhsheomra Spartan a théitear le hadhmad, agus fiú

tá beagán airgid á shábháil acu. Ba mhaith le Diana go rachadh a leanaí go dtí an ollscoil, agus tá go leor muiníne aici as Austeja, a bhí ag barr a ranga trí bliana i ndiaidh a chéile.

Sular bhain an Liotuáin a neamhspleáchas amach ón Aontas Sóivéadach i 1991, d'oibrigh Albertas ar chomhfeirm. Tá an chlann ina ball gníomhach den phobal, buíochas leis an mbronn-tanas ó *Heifer*: seacht gcoirceog, uirlisí leictreacha, trealamh beachadóireachta agus oiliúint maidir le conas ríomhaire a úsáid. Tá liosta feithimh ann do mhil Albertas. Rinne Diana go maith as agus tá sí ag obair go páirtaimseartha mar chuntasóir. Déanann sí an tionscadal beachaireachta sa phobal áitiúil a bhainistiú, tionscadal ina bhfuil naoi dteaghlach eile a fuair cúnamh. Gach sé mhí, déanann sí tuarascáil maidir leis an dul chun cinn, a chuirtear faoi bhráid Gražina Mongirdienė, bainisteoir tionscadail *Heifer*,

a deir nach mbeadh sí ábalta cónaí lasmuigh dá tír mar gheall ar an tírdhreach álainn atá sa Liotuáin.

Ag suí ag an mbord cruinn i gcaithaoireacha déanta amach as stoic chrainn, tá an teach Usinskai beagnach idileach. Tá an gairdín beag os comhair an tí lán le bláthanna i bpoatá agus tá boladh d'fhéar úr.

Tógann Albertas buidéal Midus amach a bhfuil blas séimh meabhlach air, é déanta as mil agus luibheanna. Líonann sé roinnt gloiní suas go dtí an barr. Ní bhíonn deoch mhilis náisiúnta na Liotuáine chomh maith agus leis an deoch a dhéantar sa bhaile agus tá an ceann seo trí bliana d'aois. Eitlíonn na beacha timpeall na ngloiní, agus piocann Albertas suas a iníon is óige agus tugann sé póg mhór di.

■ LE HAGHAIDH TUILLADH EOLAIS
www.heifer.lt

Is ceantar tuaithe é 80% de limistéir an Aontais Eorpaigh agus tá cónaí ar 25% den daonra sa cheantar sin. I roinnt tíortha an AE, tá daoine sna ceantair thuaithe i mbaol na bochtaineachta dhá uair is airde ná atá daoine sna cathracha, ach go dtí seo níor tugadh aird ar na fadhbanna áirithe sna réigiúin sin i bhformhór na staidéar ar an mbochtaineacht. Tá baint ag comhrac na bochtaineachta agus an t-eisiaimh shóisialta i gceantair thuaithe le feabhas a chur ar an fáil atá ar áiseanna agus seirbhísí, lena n-áirítear scoileanna, dochtúirí, iompar agus scoileanna fiú. Mar sin, tá gá le cur chuige nua comhordaithe ar bheartas sóisialta agus réigiúnach mar aon le forbairt talmhaíochta.



© An tAontas Eorpach, Reporters

AG SCOITHEADH ÚSÁIDEOIRÍ DRUGAÍ AS AN STUIF CRUA I LIÚIBLEÁNA

Ar thráthnónta te samhraidh i Liúibleána, baineann teaghlaigh sult as an leoithne i mbialanna agus caifí deasa cois abhann i bpríomhchathair na Slóivéine. In aice leis, tá deichniúr nó dáréag fear ag ól beorach i láithreán tréigthe. Tá siad ina suí in aice cnoic le cannaí beorach folmha, agus caithfidh an cuairteoir drogallach a bheith ag faire amach do steal-lairí a bhíonn caite ar an talamh. Is san áit seo a dtéann roinnt úsáideoirí drugaí a n-úsáideann meatadón chun dul ar meisce tar éis dóibh a ndáileog laethúil a fháil ón gclinic timpeall an chúinne.



Déantar iarracht i Liúibleána cabhair a thabhairt d'andúiligh trí scéimeanna athshlánúcháin, lena n-áirítear ionaid a dháileann meatación amach.

Inilís – Borut Bah, a reáchtálann clár for-rochtana Stigma.

Cosúil le go leor cathracha eile, tá fadhb maidir le drugaí i Liúibleána. Tá an tSlóivéin, tír bheo fhuinniúil ó thaobh cultúrtha de, suite ar bhealach drugaí na mBalcán ón Afganastáin agus tá trádáil mhór á dhéanamh in hearóin, i gcócaon, agus i ndrugáí damhsa cosúil le heacstais agus MDMA.

I Liúibleána, déantar iarracht a dáileoirí agus a húsáideoirí a choinneáil faoi smacht trí scéimeanna pionóis agus athshlánaithe, cosúil lena hionaid chóireála a thugann meatadón amach, druga sintéiseach nach bhfuil chomh andúile. Tá sí bródúil a bheith ina tír Eorpach leis an méid is lú d'úsáideoirí drugaí atá VEID-deimhneach, agus baineadh formhór de seo amach trí *Stigma*, ENR a fhaigheann maoiniú ón stát a bhfuil dhá ionad buail isteach aici i Liúibleána agus a dtéann 80 fear agus bean cuairt aici.

Béim ar Shláinte

Is é cuspóir *Stigma* ná daoine a aimsiú go luath ina n-andúil, agus obair le húsáideoirí drugaí go dtí go dtéann siad isteach

i gclár díthocsainithe nó go dtí go n-éiríonn siad as go hiomlán. I measc gníomhaíochtaí eile, tugann foireann *Stigma* comhairle do phríosúnaigh agus tá dídean bunaithe d'úsáideoirí mná ar íobartaigh d'fhoréigean iad. Is é a tionscadal is tábhachtaí ná galarchosc ar VEID agus Heipitíteas C tríd oideachas sláinte. Spreagann siad snáthaide steiriúla a úsáid, agus molann siad go láidir do na handúiligh snáthaid atá úsáidte acu a thabhairt ar ais.

Éiríonn go maith le clár forrochtana na heagraíochta atá ann le 19 mbliana; ceannaíodh veain Peugeot in 2007 le cuidiú ón gCoimisiún Eorpach, a d'foc 60% de na costais.

Deir Borut Bah, oibrí allamuigh agus stiúrthóir *Stigma* “Roimhe sin, théimis leis an gcar agus bhuaílím le handúiligh i mbeáir agus i siopaí caifé, nó ar an tsráid. Anois, tá a fhios acu cathain agus cén áit a dtiocfaidh siad orainn, agus ní fhéadtar le haon duine ár gcomhráite a chloisteáil.”

Go moch ar maidin Dé Luain, téann Borut agus comhoibrí

sóisialta Blažena Kovanović amach go dtí Novo Mesto in iardheisceart na tíre, áit ina n-oibríonn go leor daoine áitiúla don mhonarcha chairr Renault. Is ó na cnoic dhroimneacha thart timpeall a dtagann *Cviček*, an fíon dearg cáiliúil Slóivéanach.

Maidin in Novo Mesto

Tar éis tiomáint ón bpríomhchathair ar feadh uair an chloig, páirceálann Borut lasmuigh de stáisiún traenach beag ina aice leis an ionad ina dtugtar amach meatadón. Tá triúr fear ag fanacht ann cheana, agus ar feadh an dá uair atá le teacht, tiocfaidh ochtar nó naonúr eile.

Tháinig siad le haghaidh cúram sláinte bunúsach, agus chun snáthaid agus malaí beaga d'aigéad ascorbach a phiocadh suas chun hearóin a leá. Tá tatúna ag cuid acu, cneaspolladh ag cuid eile acu. Síorchaitheann go leor acu. Tá formhór dóibh cearthaíoch. Tá siad beagnach go léir compordach labhairt faoina n-ainbhéas, na drugaí a ghlacann siad agus na drugaí a ghlacann siad chun drugaí a stopadh.

Tá Marco, Seirbiach faiseanta, agus tugann sé DJ ar a féin. Glacann sé an druga scoite Suboxone agus deir sé go mbeidh sé glan go luath. Rinne sé staidéar chun a bheith ina altra ach ní féidir leis obair a aimsiú. Deir sé go bhfuil drochshaol aige. Ba mhaith leis clann a thosú ach níl an t-airgead aige. Tá Jože ann freisin, a bhfuil feirm aige gar den áit. Tá sicíní, coiníní agus dhá mhuc aige, agus deir sé nach nglacann sé meatadón ach amháin le sú oráiste.

Agus ansin tá Miha a scaoileann cócaon díreach ina bhléin mar is é an t-aon fhéith fhéimearach atá sé ábalta a fháil. Thriail sé



Liúibleána san oíche.



© M.F. Plessart

Is féidir le handúiligh snáthaid ghlan agus cúram sláinte a fháil.

stopadh go leor amanna. Éistean Borut agus Blažena go foighneach leis agus é ag insint a scéil. Is é sin an jab atá acu. Is é a bpríomhaidhm ná cuidiú leis na daoine seo stop a chur lena n-ainbhéas, ach idir an dá linn, tá siad ansin chun cuidiú le gach rud, idir shnáthaid ghlan agus foirmeacha oifigiúla a chomhlíonadh chun obair a fháil nó le haghaidh cumhdach sláinte.

“Nuair a chríochnaigh mé m’oiliúint mar oibrí sóisialta,” a deir Borut, “bhí mé ag iarraidh obair le mí-úsáideoirí drugaí. Bhí cairde agam a ghlac drugaí agus bhí mé i roinnt áiteanna aisteacha nuair a bhí mé óg.” Tá íomhá oiriúnach aige, lena ghruaig bhog Mhóhácach, ach taobh thiar dá phearsantacht chineálta, dhaonachtúil tá a thiomantas thuineanta chun cabhrú le mí-úsáideoirí drugaí toilteanacha atá ag iarraidh an aibhéis a chur díobh.

Tá rannóg mheatadóin sa chlinic i Liúibleána, ina bhfuil dochtúir áitiúil a deir go bhfeiceann sí tuairim is 400 andúileach ina aghaidh na bliana. “Tagann go leor acu isteach gach lá, agus tá an cumas ag go leor acu dul ar ais ag obair nó ar ais ar scoil,” a deir sí. Is é polasaí an chlinic gan aon duine a ligean isteach tríd na doirse mura bhfuil siad anseo in am, agus cuirtear an rial i bhfeidhm go dian.

“Tá sé sin ceart go leor” a deir Katja, iar-andúileach agus ball foirne *Stigma*. “Teastaíonn disciplín agus amchláir ó andúiligh.”

I bhfógra an AE* le déanaí cuireadh béim ar an **éagothroime mhór i gcúram sláinte**, ní amháin ar fud an AE, ach freisin laistigh de gach tír. Chun go laghdófar ar an éagothroime seo, tá gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe idir na comhpháirtithe go léir ag leibhéal réigiúnacha agus Eorpacha, lena n-áirítear múscailt feasachta, forbairt bheartais agus foirmeacha nua maidir le comhoibriú in earnálacha an oideachais, na sláinte agus an riaracháin phoiblí.

*“Dlúthpháirtíocht i gcúrsaí sláinte: éagothroime sláinte san AE a laghdú”.

SPIORAD **SÍORAÍ** DE **LA CHANCA**, AN ANDALÚIS

Le 20 bliain anuas, rinneadh athchóiriú thar cuimse ar an gceathrú is sine d’Almeria i ndeisceart na Spáinne leis an gclár Athshlánaithe Réigiúnaigh de La Chanca. Ba é an cuspóir a bhí leis ná feabhas a chur le cearta sóisialta, fostaíochta, oideachais, tithíochta agus sláinte do 12000 saoránach. Ag obair le chéile tá Bardas Almeria, rialtas na hAndalúise agus – ar deireadh – cumainn chónaitheacha de La Chanca, a bhfuil cáil orthu dul i ngleic le fadhbanna.





Tá spiorad an tsean-sráidbhaile iascaireachta sa cheathrú nua in La Chanca.

Intlis – Ar chuairt scoile chuig an láthair oibre.



Nuair a thaistean an scríbhneoir urramach Spáinneach Juan Goytisolo go La Chanca san Andalúis ag tús na seascaidí, baineadh geit as nuair a chonaic sé “an bhail shalach a bhí ar na tithe plódaithe agus na sráideanna salacha marfacha.” Mheas rialtas Franco go raibh a leabhar *La Chanca*, ró-chriticiúil agus níor foilsíodh é sa Spáinn go dtí 20 bliain ina dhiaidh.

Tháinig athrú ar roinnt rudaí, ach níor tháinig athrú ar rudaí eile. Is teolaí iad na dathanna sa chathair dheiscirt seo, an ceol flamenco, boladh arán á bhácáil agus iasc á ghriolladh, agus bíonn teochta arda faoin ngrian do-mhaite. Tá dath bán ar aghaidheanna na ndaoine i lár stairiúil Múrach Almeria, mar aon le gach ton de dhonn, agus de ghorm. Cé go bhfuil siad bocht, tá siad ina gcónaí go sona sásta. Tá scéal La Chanca lán de dhóchas agus de ghaiscíocht ag snámh in aghaidh easa, agus is taispeántas rathúil é d’athnuachan uirbeach a mbaineadh úsáid as ina dhiaidh sin i Granada, Sevilla, Cordoba agus Malaga.

Traidisiún agóide

Bunaíodh an Plean Speisialta um Athshlánú de La Chanca (Peri) mar fhreagra ar ghníomhaíochtaí leanúnacha na gcónaitheoirí sna comharsanachtaí agus fuarthas go leor tiomantais ó rialtas na hAndalúise. Glacadh leis i 1990 le cuspóirí a raibh níos forleithne



Speisialtóir Ana Vinuesa: “Tionscadal fíorspéisiúil is ea La Chanca, a bhfuil scóip shóisialta agus ailtireachta aici.”

ná díreach feabhas fisiceach a chur ar choinníollacha. Ba é an cuspóir ná idirghabháil a dhéanamh i bhfadhbanna níos leithne atá amuigh faoin bpobal trí chláir ina raibh ríomhairí agus an t-idirlíon i gceist, mar aon le saincheisteanna mná, chomh maith le “Cuido mi casa, cuidado mi barrio” (ag tabhairt aire de mo teach agus de mo chomharsanacht), clár a bhí ag lorg daoine a mhúineadh faoin chaoi aire a thabhairt dá dtithe agus don timpeallacht.

Ionad stairiúil na cathrach is ea La Chanca, a bhí ina cheathrú d’iascairí ag ceann de na poirt is tábhachtaí i gCailifeacht Cordoba. Go luath san fhichiú haois, lonnaigh gíofóga ann i bhfothraigh tréigthe i mbruachbhaile Al-Hawd agus fós is ionainn iad agus 23% den daonra ann.

Níor tháinig mórán athrú ar phlean talún na cathrach ó na laethanta Arabacha, lena n-áirítear na tithe pluaise snoite sna hailleite, ina raibh cónaí ar na cónaitheoirí ní ba bhoichte. Péinteáladh go traidisiúnta doirse tithe na n-iascairí a bhí costúil le bosca bán teach aon urláir an dath geal céanna agus a péinteáladh bád an iascaire.

Anois, athchóiríodh tuairim is 1 000 teach agus tógadh tuairim 250 le ligean. Don chuid is mó tógadh iad do chónaitheoirí na bpluaiseanna cónaithe toisc go raibh orthu na pluaiseanna a fhágáil. Cé go bhfuil na tithe níos sprúisiúla ná mar a bhí roimhe seo, tá siad fós sa tsean-stíl, agus mar sin, tá na dathanna beoga céanna ar na doirse. Go dtí seo, tá EUR 45 milliún infheistithe in obair athchóirithe, agus tá

Is ionann costais tithíochta agus 40% d’ioncam indiúscartha do chuid mhaith de dhaonra na hEorpa. Tá sé deacair do 13% den daonra na costais seo a íoc.

EUR 47.7 milliún eile atá curtha in áirithe d'obair sa todhchaí.

“Is tionscadal iontach é La Chanca,” a deir Ana Vinuesa, a oibríonn le roinn na nOibreacha Poiblí de chuid rialtas na hAndalúise agus a reáchtálann an oifig athshlánaithe in La Chanca í féin. “Tá scóip shóisialta agus ailtreacht araon aige. Bainistítear an tionscadal ag leibhéal áitiúil, agus tá páirt ghníomhach ann ag na daoine atá ina gcónaí ann.”

“Is tionscadal ar leith é,” a deir Fernando Vidal socheolaí in Ollscoil Comillas Mhaidrid. “Bhí grúpa gníomhaíochta comharsanachta i gcónaí an-chumhachtach anseo, fiú i lár na n-ochtóidí nuair a bhí siad ag dul i léig sa chuid eile den Spáinn. Áit fíorchuimsitheach atá ann ina maireann daoine a bhfuil náisiúntachtaí, reiligiúin agus creidimh dhifriúla le chéile go compordach.”

I lár na n-ochtóidí, d'éirigh le grúpaí gníomhaíochta saoránach La Chanca, pléigh a dhéanamh leis na húdaráis bhargasacha maidir le saincheistanna oideachais, sláinte agus slándála. Ina dhiaidh sin, chuaigh siad i ngleic le déileálaithe drugaí na gceathrún, ag dul ó theach go teach ag díbirt

na ngáinneálaithe. “Bhí na fir seo ag léim amach as fuinneoga agus ag teitheadh i ndáiríre” a deir Vidal. “Chuir na daoine cruth ar La Chanca.” Ba é an tríd huaire a tháinig an mhuintir le chéile chun feabhas a chur ar a ndán ná nuair a réitigh siad a dtithe primitibheacha a thógáil nó a athchóiriú.

Ag caomhnú anama

Tá meascáin idirchultúrtha d'Afracánaigh fho-Shaháracha, de Mhoslamaigh ó thuaisceart na hAfraice, agus de Chaitlicigh i bpobal bhreá La Chanca, lena n-áirítear na Romaigh Chaitliceacha freisin.

“Is daonra seasmhach anseo agus tá muintearas láidir eatarthu,” a deir Ana Vinuesa. “Nuair a thuilleann daoine beagáinín níos mó airgid, is mian leo bogadh níos giorra den bhfarraige, áit a bhfuil coinníollacha cónaitheacha níos fearr, ach is fearr leis na daoine seo fanacht in La Chanca.”

Tagann formhór na n-inimirceach ón Magraib, agus tá daoine ann ó Mheiriceá Theas agus ó Oirthear na hEorpa, agus ní annamh idirphósadh. Níor tharla sé trí thimpiste gur éirigh leo cónaí i dteannta

a chéile; is iad saoránaigh La Chanca iad féin a spreagann cuimsiú na n-inimirceach trí thionscnamh um chomhroinnt chultúrtha le páistí agus le daoine óga. Ach fós féin, tá fadhbanna ann go forleathan, lena n-áirítear líon mór difhostaíochta, easpa scileanna oibre agus teaghlaih bhriste. Níl a ndóthain tithe ann fós, agus tá go leor tithe plódaithe, drochbhail orthu agus easpa leithreas, seomraí folctha agus áiseanna bunúsacha eile.

Tá cuid den aimsir is tirime sa Spáinn sa chúige deiscirt griabhruite seo. Ach níl an scéal lán de chruatan an tsaoil; is tionscadal ar leith é freisin le haghaidh athshlánú sóisialta, eacnamaíoch agus fisicigh atá an comharsanacht ag coimeád beo. Maireann La Chanca leis.

■ LE HAGHAIDH TUILLIADH EOLAIS

www.laciudadviva.org

Féach *La Ciuda Viva* chun tionscadail athchóirithe cosúla san Andalúis a fheiceáil.

http://ec.europa.eu/regional_policy/urban2/

Leis an gclár URBAN de chuid an Choimisiúin Eorpaigh tugadh EUR 10 milliún d'athshlánú La Chanca.



© An tAontas Eorpach, Reporters

De réir tuarascálacha Eorpacha agus idirnáisiúnta le déanaí, is gné thábhachtach de chomhrac na bochtaineachta agus an t-eisiaimh shóisialta feabhas a chur ar chaighdeán mhaireachtála na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sna háiteanna céanna a bhfuil cónaí orthu, lena n-áirítear rochtain ar thithíocht chuí. Tá buntáiste iontach ag baint leis na cláir chomhtháite um athghiniúint uirbeach i dtaobh comhtháthú críche agus sóisialta a fheabhsú. Mar bunchuid de bheartais shóisialta agus phleanála sa Danmhairg, sa Ghearmáin, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus i Lucsamburg, bíonn cur chuige i gceist nach gcrúinníonn líon ard daoine le chéile atá faoi mhíbhuntáiste.

IASACHTAÍ DO NA DAOINE EISIATA

Is féidir le cuairteoir dúthrachtach vása Art Déco nó tírdhreach búcólach fós a aimsiú agus a cheannach le hamhrán ag margadh pictiúrtha an mhíl sa Bhruiséil. Trí bliana ó shin, d’oscail Sika Mawuke-Dzossou, bean chuachaire atá 34 bliana d’aois, sciamhlann in aice leis. Is í muintir na háite a cuid custaiméirí, chomh maith le foireann an dá ospidéal atá suas an bóthar, a thagann isteach le haghaidh cosmhaisiú sciobtha. Deir sí, ní bheadh sí ábalta é a dhéanamh gan an micreachreidmheas.



Clós bruscair agus ciste fionnta is ea margadh na míol sa Bhrúiséil.

Inílis – Ritheann iasachtaí micreachreidmheasa Sika Mawuke-Dzossou sciamhlann in aice lámhhe.

Is máthair í Sika a bhfuil dhá bhuachaill óga aici, níl a mac is óige ach cúpla mí d'aois, agus is as Togo ó dhúchas í. Chuir sí í féin trí chúrsa scéimhe agus cosmhaisithe agus trí sheans ag an oifig leasa chonaic sí cárta cuartaíochta fir a thugann comhairle do dhaoine faoi iasachtaí beaga.

“Bhí formhór an trealaimh agam cheana, ach is í an iasacht de EUR 15000 a chabhraigh liom tosú amach.” Deir sí go bhfuil ag éirí go maith lena gnó, agus tá aisíocaíocht déanta aici ar a dara hiasacht de EUR 13000 le haghaidh leaba ghréine ag an ráta úis chéanna de 4%.

Líonrú iasachta ar leibhéal Eorpach

Ba í Cuideachta Infheistíochta Réigiúnach na Bruiséile, tríd a fochuideachta Brusoc, a thug an t-airgead ar iasacht do Sika, tá an chuideachta seo mar chuid de Líonra Micreamhaoinithe na hEorpa, ina bhfuil 87 ENR agus eagraíocht comhairleoireachta agus iasachtaithe ó 21 tír ann. Bhunaigh trí eagraíocht Eorpacha an líonra i bPáras sa bhliain 2003, agus ó shin amach tá stiúthóir feidhmiúcháin Philippe Guichandut á reáchtáil, chun an earnáil micreamhaoinithe a chur chun cinn san Eoraip agus chun stocaireacht a dhéanamh di in institiúidí na hEorpa. Tá forbairt fhorleathan tagtha ar mhicreache-reidmheas sa Fhrainc, áit ar tugadh isteach é 22 bhliain ó shin. Cuireadh tús le forbairt an chórais sa Ghearmáin, cé go bhfuil na hiasachtaí ansin dírithe ar fhiontraíthe, agus sa Spáinn díritear ar chuimsiú sóisialta. Tá sé forleathan chomh maith in Oirthear na hEorpa.

Tá rátaí úis éagsúla ar fud na hEorpa; tugann France Initiative

In 2009, ba mhná iad 27% de chliant mhicrea-iasachta san Eoraip, b'imircigh nó mionlaigh eitneacha iad 13% na gcliant agus ba dhaoine óga iad 11% dóibh.

iasachtaí chun iasachtaí bainc a chomhlánú, agus ní ghearrann sé ús ar bith, ach sa Ríocht Aontaithe áfach, féadfaidh iasachtóirí ús de 30% a ghearradh. “Cinnte, ní oibríonn an córas mura bhfuil daoine ábalta a n-iasachtaí a aisíoc,” a deir Guichandut. “Déanann na heagraíochtaí iasachta go leor iar-rachta cabhrú le daoine ionas go n-éireoidh leo. Cuireann go leor acu comhairle agus oiliúint ar fáil saor in aisce.”

Tá múnla gnó an mhicreache-reidmheasa ar fud na hEorpa cosúil leis na bainc bhunaidh Grameen, lenar bhuaigh a bunaitheoir Muhammed Yunus, Duais Nobel na Síochána. D'athraigh Grameen saolta na milliún daoine sa Bhanglaidéis tríd iasachtaí beaga a chur ar fáil gan aon chomhthaobhacht ná urrús.



Deir **Philippe Guichandut** gurb é an smaoineamh ná airgead a thabhairt ar iasacht do dhaoine nach mbeadh ábalta teacht ar iasacht gan é.

Deir Guichandut “Fiú má tá an creat foriomlán an-difriúil, is minic go mbíonn cosúlacht idir na poist – siúinéirí, gruagairí, bialanna. Is é an cuspóir atá ann airgead a thabhairt ar iasacht do dhaoine nach mbeadh teacht air gan é”. Leis seo freisin ciallaítear iasachtaí pearsanta lena gcuirtear le post a aimsiú, cosúil le gluaisrothar nó carr athláimhe a chean-nach nó cúrsa oiliúna nó bogadh a íoc. Uaireanta, faigheann daoine airgead ar iasacht chomh maith chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtithe.

An Fhrainc i measc na gceannródaíthe

In 2009, bhí 70252 cliant ag na baill Fhrancacha sa Líonra Micreamhaoinithe na hEorpa, agus b'ionann luach iomlán na n-iasachtaí agus EUR 152.6 milliún. I measc na n-iasachtaithe ba mhná 35% dóibh siúd agus bhí 19% dóibh ina n-imirceach nó ó mhionlaigh eitneacha. Go príomha, tá an córas dírithe ar na saoránaigh atá ag fulaingt is mó de bharr eisiaimh shóisialta.

Ina measc, tá daoine cosúil le Alexandre Aberlen in Sausset-les-Pins in Provence, a d'oscail siopa ceithre bliana ó shin le haghaidh ríomhairí a dhíol agus a dheisiú. Thug an cumann Adie, a chabhraíonn le daoine atá eisiata ón gcóras baincéireachta traidisiúnta EUR 3000 ar iasacht dó, a chuidigh leis troscán riachtanach



Thuas – Fuair **Alexandre Aberlen** as *Provence* iasacht chun siopa ríomhairí a oscailt.

Thíos – Dáileann **Digna Mendez Furtado** ó *Rinn Verde* sainbhia óna tír féin in *Marseille*, buíochas le hiasacht micreacheirdmheasa.

don siopa a cheannach. Leis an iasacht cuidíodh chomh maith leis ráthaíocht bhainc a ghíaráil. “Bhí mé i gcónaí ar leas,” a deir Aberlen “agus bhí mé i gcónaí craiceáilte faoi ríomhairí.”

Freisin, tá Pascal Beaugrand in Outreau i dtuaisceart na Fraince, a oibríonn anois mar cheannaí éisc tar éis droch-bhabhta nuair a chaill sé a cheadúnas tiomána, a phoist agus nuair a chríochnaigh a phósadh agus nuair nach raibh aon sochar dífhostaíochta aige. Chuaigh sé ar chúrsa oiliúna ag an Ionad um Tháirgí Mara in Boulogne-sur-Mer. “D’fhás mé aníos i gclann ceannaithe éisc”, a deir sé, “agus nuair a mhol duine liom an ghairm a thosú, cheap mé ‘cén fáth nach ndéanfadh’?”

Tar éis dó teip ar an gcéad tionscadal, chuaigh sé i dteagmháil le ball an líonra dlúthpháirtíochta France Active, a chuidíonn le daoine dífhostaithe creidmheasanna bainc a oscailt nuair is mian leo gnó a thosú. Lena cuidiú, chuir sé plean gnó le chéile le hiarratas le haghaidh iasachta de EUR 30 000. “D’aimsigh mé ceannaí éisc a bhí ag taisteal agus a bhí ag díol a pháirt agus a chustaiméirí, agus d’oibrigh sé.” Le ráthaíocht de 65% ó France Active bhí ráthaíocht aige dá iasacht ó *Caisse d’Épargne*. “Éiríonn go maith leis” a deir sé, “bhí dáimhiúlacht éasca agam i gcónaí le daoine.”

D’oscail an bhean eisdiritheach, Digna Mendez Furtado, *Le Scorpion* in *Marseille*, bialann bheag a dhíríonn ar bhéilí Cape Verde

Léirítear sa suirbhé go bhfuil Micreamhaoiniú na hEorpa thíos leis de bharr thionchar na géarchéime eacnamaíochta, ach tá sé fós láidir. In ainneoin dul ar gcúl le déanaí cosúil le rochtain ar chistiú, chuidigh an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí micreamhaoinithe a choinneáil slán, agus mar thoradh air seo, tá an earnáil á fás i gcónaí. Tháinig méadú de 3% ar luach foriomlán na n-iasachtaí, cé gur tháinig meath de 7% ar líon na n-iasachtaí.

LE HAGHAIDH TUILLEADH **EOLAIS**
<http://www.european-microfinance.org/>

TUILLEADH EOLAIS FAOIN MBOCHTAINÉACHT AGUS FAOIN EISIAMH SÓISIALTA SAN EORAIP

(LIOSTA NACH BHFUIL UILEGHABHÁLACH LE HAGHAIDH BREIS LÉITHEOIREACHTA)

- Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh d'Fhostaíocht, Cúrsaí Sóisialta agus Comhdheiseanna:
<http://ec.europa.eu/social>
- László Andor, Coimisinéir AE d'Fhostaíocht, Cúrsaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta:
http://ec.europa.eu/commission_2010-2014/andor
- An Eoraip 2020: Straitéis ar mhaithe le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach:
<http://ec.europa.eu/eu2020>
- 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta:
www.2010againstopoverty.eu
- Cosaint sóisialta agus cuimsiú sóisialta san AE:
<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=750>
- Athbhreithnithe comhchéime:
www.peer-review-social-inclusion.eu
- Ciste Sóisialta na hEorpa:
http://ec.europa.eu/employment_social/esf/index_en.htm
- PROGRESS:
<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=327>
- Saoráidí micrea-airgeadais:
<http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=836&langId=en>
- Clár URBAN II:
http://ec.europa.eu/regional_policy/urban2
- Ar Son na hÉagsúlachta. I gCoinne an Idirdhealaithe:
http://ec.europa.eu/employment_social/fdad/cms/stopdiscrimination?langid=en
- An Óige ag Bogadh:
http://ec.europa.eu/commission_2010-2014/vassiliou/events/debate_en.htm

TUILLEADH EOLAIS FAOI NA ENRANNA A CHABHRAIGH CHUN AN IRIS A CHUR LE CHÉILE

- Comhghuaillíocht de ENRanna Sóisialta ar fud na hEorpa:
www.endpoverty.eu/-HOME-.html
- CECODHAS:
www.cecodhas.org
- Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta:
www.eapn.org
- Gréasán Micrea-airgeadais na hEorpa:
www.european-microfinance.org

An Coimisiún Eorpach

Ag éalú ón mbochtaineacht

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2010 — 28 lgh. — 17 × 26.5 cm

ISBN 978-92-79-13720-4

doi:10.2767/69941

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE.

Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (<http://ec.europa.eu>) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>).

Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):

- ónár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

www.2010againstopoverty.eu
2010againstopoverty@ec.europa.eu

An bhfuil suim agat i **bhfoilseacháin** na hArdstúirtheoireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó <http://ec.europa.eu/social/publications>

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun *Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta* an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag <http://ec.europa.eu/social/e-newsletter>

<http://ec.europa.eu/social/>



■ Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-13720-4



9 789279 137204